

Toirmeasc: 13.00, 30 Deireadh Fómhair 2015

Preasráiteas

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Luimnigh ar www.duchas.ie seolta ag an Aire

Luimneach, 30 Deireadh Fómhair 2015

Tá ábhar béaloidis as Contae Luimnigh seolta go hoifigiúil ar dúchas.ie ag Jan O’Sullivan, TD, Aire Oideachais agus Scileanna. Seoladh an t-ábhar ag ócáid a tionóladh i Seomra na Comhairle, Luimneach, inniu. Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU), agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, dúchas.ie, ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó naoi gcontae eile – Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí agus Sligeach – ar fáil ar an suíomh cheana.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é dúchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí go luath. Seoladh rannóg nua ar an suíomh, Meitheal Dúchas, ag tús 2015, togra sluafoinsithe a iarrann ar úsáideoirí scéalta Gaeilge ó Bhailiúchán na Scol a thras-scríobh.

Ghlac níos mó 160 scoil páirt sa scéim i gcontae Luimnigh agus tiomsaíodh 50 imleabhar mór d’ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O’Sullivan, TD, ‘Tá an-áthas orm ábhar Luimnigh de chuid Bhailiúchán na Scol a sheoladh go hoifigiúil inniu. Bailíodh an t-ábhar seo geall le 80 bliain ó shin agus tugann sé léargas ríspésiúil ar ghnéithe éagsúla den saol mar a bhí an uair sin, agus is cinnte go mbeidh sé ina fhoinsé fhíorluachmhar ag taighdeoirí, staraithe, múinteoirí agus ag an bpobal i gcoitinne.’

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht



Toirmeasc: 13.00, 30 Deireadh Fómhair 2015

Nóta d'eagarthóirí:

dúchas.ie

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD; Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU); agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá ról ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) mar chomhairleoir do dúchas.ie maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach. Tá an tionscadal reatha, a mhairfidh go deireadh 2016, á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

Is iad cuspóirí na comhpháirtíochta 1) ábhar as Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú, 2) rochtain an phobail ar an ábhar sin a éascú agus 3) córas bainistithe sonraí a chruthú don Chnuasach ar féidir ábhar eile a chur leis amach anseo.

Is áis é dúchas.ie dóibh siúd a chuireann suim sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir teacht ar ábhar ann a bhaineann le seanchas, slite beatha, nósanna, paidreacha agus stair áitiúil, i measc rudaí eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí amach anseo. Tá cnuasach sloinnte Éireannacha ar fáil ar an suíomh chomh maith. Seoladh rannóg nua ar an suíomh, [Meitheal Dúchas](#), ag tús 2015, togra sluaifhoinsithe a iarrann ar úsáideoirí scéalta Gaeilge ó Bhailiúchán na Scol a thras-scríobh.

Cnuasach Bhéaloideas Éireann agus Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol (1937-38)

Tá ceann de na cnuasaigh is mó ar domhan d'ábhar eitneolaíochta agus béil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann i UCD. Tá ábhar nua á chur leis an gCnuasach i gcónaí, lena n-áirítear grianghraif, ábhar fuaime agus físe, leabhair agus cáipéisí.

I 1937, chuir Coimisiún Béaloideas Éireann, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Cumann Múinteoirí Éireann, tús le scéim réabhlóideach inar spreagadh leanaí scoile le béaloideas agus stair áitiúil a bhailiú agus a thaifeadh. Thar thréimhse ocht mí dhéag, spreagadh tuairim is 50,000 dalta bunscoile i 5,000 bunscoil sna 26 chontae ábhar béaloidis a bhailiú ina gceantar dúiche.

Áiríodh ar na hábhair ar iarraidh ar na leanaí taighde agus scríbhneoireacht a dhéanamh orthu stair áitiúil agus séadchomharthaí áitiúla, seanscéalta agus finscéalta, tomhais agus seanfhocail, amhráin, nósanna agus creidiúintí, cluichí agus caithimh aimsire, cleachtais oibre agus ceardaíochta traidisiúnta, etc. Bhailigh na leanaí an t-ábhar go príomha óna dtuismitheoirí agus óna seantuismitheoirí agus ó sheandaoine eile sa phobal áitiúil nó i gceantar na scoile.

Bailiúchán Lámhscríbhinní na Scol a thugtar anois ar an scéim, a raibh mar thoradh uirthi níos mó ná leathmhíliún leathanach lámhscríbhinní d'ábhar atá mar chuid de Chnuasach Bhéaloideas Éireann anois.

Fiontar, DCU

Scoil is ea Fiontar i nDámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina ndéantar teagasc agus taighde idirdhisciplíneach trí mheán na Gaeilge. Tá forbairt agus bainistiú na n-acmhainní tearma.ie, logainm.ie, ainm.ie, gaois.ie agus dúchas.ie faoi chúram Fiontar, mar aon le tionscadail eile i réimse na teicneolaíochta teanga agus na ndaonnachtaí digiteacha.

Ábhar as Contae Luimnigh:

Is í **Naomh Íde** naomhphátrún Luimnigh agus tá neart scéalta fúithi le fáil san ábhar a bailíodh i scoileanna an chontae. Mar shampla, tá cur síos cuimsitheach ar a saol ar fáil [anseo](#).

Laoch mór de chuid Chontae Luimnigh ab ea **Pádraig Sáirséal**. Tá tagairt [anseo](#) do vaigín óir a scaip sé ar a lucht tacaíochta agus deirtear go bhfuil cuid den taisce sin i bhfolach i gcónaí.

Theip ar **Éirí Amach na bhFíiníní** i Luimneach in 1867 agus tá cur síos [anseo](#) ar an tréimhse chorráitheach úd.

Gné spéisiúil den ábhar béaloidis a bailíodh faoi Scéim na Scol is ea an léiriú a thugtar ann ar **chreideamh na ndaoine**, mar a fheictear sa scéal [seo](#).

Ní raibh aon easpa scéalta i dtaobh taibhsí i gCo. Luimnigh sna 1930idí, is cosúil. Scéal amháin a thagann chun tosaigh go minic is é **Sprid na Bearnna**. Déantar cur síos ann ar thaibhse mná a d'ionsaíodh daoine istoíche. Sa [scéal](#) seo tá samplaí de na cleasa a bhíodh ar siúl aici. Ach bhí a chleas féin ag sagart paróiste áirithe mar a léirítear sa leagan [seo](#). Scéal taibhsí eile a bhí an-choitianta ná an [‘Dead Hunt’](#).

Cé nach ceantar Gaeltachta a bhí i Luimneach ag an am, bailíodh roinnt **ábhair Gaeilge** ann, in iardheisceart an chontae go háirithe. Féach, mar shampla, an ceann seo maidir le h**Éan an Cheoil Bhinn**. Is féidir roinnt filíochta a bhlaiseadh sa [cheann seo](#).

Mar is eol do chách, tá **oidhreacht láidir iomána** sa chontae agus molann an [dán seo](#) bua a fuair siad ar Chill Chainnigh. Tá tuilleadh seanchais iomána le fáil sa [scéal seo](#).